**RABHADH**

**Tabhair an páipéar seo ar ais le do fhreagarleabhar.**

**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2001**

# STAIR – GNÁTHLEIBHÉAL
**(180 MARC)**

**DE hAOINE, 8 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 – 3.30**

STAMPA AN IONAID

SCRÚDUIMHIR AN IARRTHÓRA

**CUIR AN PÁIPÉAR SEO ISTEACH LE DO FHREAGARLEAHBAR, LE DO THOIL.**

[Thall

## STAIR, GNÁTHLEIBHÉAL

Freagair gach ceist

Freagair **ceist 1**, **ceist 2** agus **ceist 3** sna spásanna cuí ar an bpáipéar scrúdaithe.

**1. PICTIÚIR** (35 mharc)

Déan staidéar ar na pictiúir A, B agus C a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna a leanas:

*(a)* **PICTIÚR A**

*Taispeánann pictiúr A tuairim ealaíontóra ar lonnaíocht fheirmeoireachta sa tSean-Éirinn le linn na Cré-Umhaoise.*

(i) Cén fáth a gceapann tú go raibh an claí tógtha timpeall ar an lonnaíocht?

………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………….(2)

(ii) Ainmnigh **dhá** ábhar as a raibh na foirgnimh déanta.

………………………………………………………………………………………..

……………………………………………………………………………………….(2)

(iii) Ag tosú leis an aois is sine, scríobh síos na hAoiseanna seo san ord inar tharla siad: Cré-Umhaois; Clochaois; Iarannaois.

1……………...……..…. 2……………….…...…..…… 3……………………….………...(4)

(iv) Ainmnigh an **dá** mhiotal a húsáideadh chun cré-umha a dhéanamh.

………………………………………………………………………………………..

……………………………………………………………………………………….(4)

*(b)* **PICTIÚR B**

*Pictiúr de Chailís Ard Achaidh is ea pictiúr B.*

(i) Cén úsáid a baineadh as an chalís seo, i do thuairim?

………………………………………………………………………………………..

………………………………………………………………………………………(3)

(ii) Tabhair píosa fianaise **amháin** ón bpictiúr a thaispeánann go ndearna ceardaithe a raibh scileanna acu Cailís Ard Achaidh.

………………………………………………………………………………………..

……………………………………………………………………………………….(3)

(iii) Cuir **X** sa bhosca atá taobh leis an bhfreagra ceart ar an gceist thíos.
De ghnáth, cá gcoimeádtaí Cailís Ard Achaidh?

1 i Mainistir ☐

2 i gCaisleán ☐

3 i gCrannóg ☐ (3)

(iv) Cuir **X** sa bhosca atá taobh leis an bhfreagra ceart ar an gceist thíos.
Is in Éirinn a deineadh Cailís Ard Achaidh:

1 sa Ré Neoiliteach ☐

2 sa Ré Luath-Chríostaí ☐

3 sa Mheánaois ☐ (3)

*(c)* **PICTIÚR C**

*Pictiúr de phéintéireacht ar a dtugtar "Bainis Arnolfini" le Van Eyck is ea Pictiúr C.*

(i) Ainmnigh áit **amháin** ina gcoimeádtar pictiúir mar C, de ghnáth.

…………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………..(3)

(ii) Tabhair **dhá** phíosa fianaise a thugann le fios nach daoine bochta ab iad an lánúin sa phictiúr.

…………………………………………………………………………………………

...………………………………………………………………………………………(4)

(iii) "Is le linn an Renaissance a péinteáladh Pictiúr C." Tabhair **dhá** phíosa fianaise chun tacú leis an ráiteas seo.

…………………………………………………………………………………………

...………………………………………………………………………………………(4)

**2.** **DOICIMÉID** (35 mharc)

Léigh an **dá** dhoiciméad, **1** agus **2**, a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna thíos:

*(a)* **Doiciméad 1**

*Seo sliocht as agallamh le Maggie Murphy. Tugann sí cur síos ann ar dhálaí maireachtála i mBaile Átha Cliath ag tús an 20ú hAois.*

(i) Céard a bhí thart timpeall ar Ardán na Banríona?

…………………………………………………………………………………………

....………………………………………………………………………………………...(2)

(ii) Tabhair cúis **amháin** ar chreid Maggie Murphy go raibh na tionóntáin contúirteach.

…………………………………………………………………………………………

....………………………………………………………………………………………...(2)

(iii) Cén post a bhí ag a hathair?

....………………………………………………………………………………………...(2)

(iv) Tabhair **dhá** phíosa fianaise ón sliocht a thaispeánann go raibh na dálaí maireachtála i dtionóntán Mhaggie go dona.

…………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………

....………………………………………………………………………………………...(4)

(v) Dar le Maggie, cén "cruatan ba mhó" a bhí orthu?

…………………………………………………………………………………………

....………………………………………………………………………………………...(3)

(vi) Cén cineál duine ba ea Maggie? Tabhair píosa fianaise **amháin** ón sliocht mar thaca le do fhreagra.

…………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………

....………………………………………………………………………………………...(4)

*(b)* **Doiciméad 2**

*Seo sliocht as tuairisc nuachtáin ar bhás Mhichíl Uí Choileáin, ón "Irish Independent", 24 Lúnasa 1922.*

(i) Céard iad focail dheireanacha Mhichíl Uí Choileáin?

…………………………………………………………………………………………………….

……………………………………………………………………………………………………(2)

(ii) Cén fáth a raibh Micheál Ó Coileáin i nDeisceart Chorcaí?

…………………………………………………………………………………………………….

……………………………………………………………………………………………………(2)

(iii) Cén fáth ar thaistil grúpa Uí Choileáin ar na cúl-bhóithre?

…………………………………………………………………………………………………….

……………………………………………………………………………………………………(2)

(iv) I do thuairim, conas a d'iompar Ó Coileáin é féin i rith an luíocháin? Tabhair píosa fianaise **amháin** mar thaca le do fhreagra.

Tuairim: ……………………………………………………………………………………….

Fianaise: ………………………………………………………………………………………(4)

(v) Cén rud a d'fhógair a "chomh-Airí" a raibh rún daingean acu a dhéanamh?

…………………………………………………………………………………………………….

……………………………………………………………………………………………………(4)

(vi) Ó na socruithe sochraide, luaigh píosa fianaise **amháin** a thaispeánfaidh gurbh í an tuairim choitianta ag an am seo gur dhuine an-tábhachtach é Ó Coileáin.

…………………………………………………………………………………………………….

……………………………………………………………………………………………………(4)

**3. CEISTEANNA LE FREAGRAÍ GEARRA** (60 marc)

Freagair **DEICH** gcinn de na ceisteanna seo a leanas. Is fiú sé mharc an ceann iad.

(i) Mínigh brí na litreacha AD agus BC nuair a chuirtear iad i ndiaidh na ndátaí seo:
44 BC agus 432 AD.

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………(6)

(ii) Luaigh modh **amháin** a d'úsáidfeadh seandálaí chun dáta a chur ar earraí a fhaightear.

…………………………………………………………………………………………………(6)

(iii) Ainmnigh **dhá** uirlis a d'úsáidfeadh seandálaithe agus iad ag obair ar láthair.

…………………………………………………………………………………………………(6)

(iv) Ainmnigh cineál **amháin** tuama a bhí in Éirinn anallód.

…………………………………………………………………………………………………(6)

(v) Cén miotal a thug na Ceiltigh leo go hÉirinn?

…………………………………………………………………………………………………(6)

(vi) Céard é *cuirfiú* i mbaile mór sna meánaoiseanna?

…………………………………………………………………………………………………(6)

(vii) Céard é *gild* i mbaile mór sna meánaoiseanna?

…………………………………………………………………………………………………(6)

(viii) Ainmnigh **dhá** rud a bhí contúirteach do na saoránaigh i mbaile mór sna meánaoiseanna.

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………(6)

(ix) Tabhair cúis **amháin** ar tógadh ardeaglaisí áille le linn na meánaoiseanna.

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………(6)

(x) Ainmnigh scríbhneoir **amháin** ón Renaissance a bhfuil staidéar déanta agat air agus ainmnigh ceann **amháin** dá shaothair.

Scríbhneoir: ………………………………………………………………………………………

Saothar: ……………………………………………………………………………………..(6)

(xi) Luaigh cúis **amháin** go raibh teacht an chlóphreasa chomh tábhachtach sin.

…………………………………………………………………………………………………….

……………………………………………………………………………………………………(6)

(xii) Ainmnigh leasaitheoir creidimh **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air **agus** luaigh teagasc **amháin** a bhí aige.

Leasaitheoir: ……………………………………………………………………………………

Teagasc: ……………………………………………………………………………………..(6)

(xiii) Ainmnigh plandáil **amháin** in Éirinn agus an rialtóir a chuir i bhfeidhm í.

Plandáil: ……………………………………………………………………………………

Rialtóir: ……………………………………………………………………………………(6)

(xiv) Luaigh toradh **amháin** a bhain le plandáil ainmnithe a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

Plandáil: ……………………………………………………………………………………...

Toradh: ………………………………………………………………………………………(6)

(xv) Luaigh fionnachtain **amháin** le linn na Réabhlóide Tionsclaíche **agus** tabhair cúis **amháin** a raibh an fhionnachtain seo tábhachtach.

Fionnachtain: ..……………………………………………………………………………

Tábhacht: ……………………………………………………………………………………(6)

(xvi) Luaigh fíric **amháin** faoi dhálaí tithíochta d'oibrithe i mbailte móra na Breataine le linn na Réabhlóide Tionsclaíche.

…………………………………………………………………………………………………..(6)

(xvii) Céard a bhí sa *Dúchan* le linn na 1840adaí in Éirinn?

…………………………………………………………………………………………………..(6)

(xviii) Ainmnigh tír **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi faoin gceannteideal *Caidreamh Idirnáisiúnta sa 20ú hAois* **agus** luaigh ceannaire a raibh baint aige leis an tír sin.

Tír: …………………………………………………………………………………………...

Ceannaire: ..…………………………………………………………………………………(6)

(xix) Scríobh síos mór-eachtra **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi faoin gceannteideal *Caidreamh Idirnáisiúnta sa 20ú hAois* agus tabhair cúis **amháin** a raibh an eachtra seo tábhachtach.

Eachtra: ……………………………………………………………………………………

Tábhacht: .……………………………………………………………………………………(6)

(xx) Ainmnigh **dhá** chineál foinse scríofa a mbaineann staraithe úsáid astu nuair a bhíonn eolas faoin saol anallód á fháil acu.

…………………………………………………………………………………………………..(6)

**FREAGAIR AN CHEIST SEO I bhFREAGARLEABHAR AR LEITH**

**4. PEARSANA SA STAIR** (50 marc)

**Freagair A agus B**

**A.** Roghnaigh duine **amháin** díobh seo a ndéantar cur síos orthu thíos. Scríobh faoin duine sin. Más mian leat, is féidir leat na noda a úsáid mar chabhair le do fhreagra. Scríobh an teideal a roghnaíonn tú ag barr do chuntais.

(i) **Duine ó Shean-Sibhialtacht a ainmníonn tú (<u>lasmuigh d'Éirinn</u>).**

NODA:
* Saol an teaghlaigh
* Bia agus Éadaigh
* Tithíocht
* Ealaín agus Ceirdeanna (25)

(ii) **Manach i mainistir le linn na Meánaoiseanna**

NODA:
* Cúiseanna go ndeachaigh sé le saol an mhanaigh
* Saol laethúil
* Príomh-fhoirgnimh
* Pearsana tábhachtacha sa mhainistir (25)

(iii) **Tiarna i gcaisleán meánaoiseach**

NODA:
* Saol laethúil
* Leagan amach an chaisleáin
* Fiach agus turnaimintí
* Daoine eile a mhair sa chaisleán (25)

**B.** Roghnaigh duine **amháin** díobh seo a ndéantar cur síos orthu thíos. Scríobh faoin duine sin. Más mian leat, is féidir leat na noda a úsáid mar chabhair le do fhreagra. Scríobh an teideal a roghnaíonn tú ag barr do chuntais.

(i) **Taiscealaí a ainmníonn tú a bhí i gceannas ar aistear taiscealaíochta**

NODA:
* Na cúiseanna leis an aistear
* An Rí nó an Bhanríon a thug tacaíocht don aistear
* Dálaí oibre agus maireachtála don fhoireann ar an aistear
* Áiteanna nó bealaí ar thángathas orthu ar an aistear (25)

(ii) **Ceannaire réabhlóideach a ainmníonn tú i Meiriceá nó san Fhrainc nó in Éirinn le linn Ré na Réabhlóidí, 1770 - 1815**

NODA:
* Luath-shaol
* Cúiseanna gur thacaigh sé leis an réabhlóid
* Príomh-eachtraí na réabhlóide
* A shaol i ndiaidh na réabhlóide agus a bhás (25)

(iii) **Duine ag cur síos ar eachtraí polaitiúla a tharla in Éirinn i ndiaidh 1945**

NODA:
* Ainmneacha ceannairí polaitiúla éagsúla
* Páirtithe polaitiúla tábhachtacha
* Príomh-chinntí a tógadh
* Torthaí ar na cinntí sin (25)

***NÓ***

**Seanduine ag cur síos ar athruithe atá tarlaithe sa chóras iompair agus cumarsáide in Éirinn le linn an 20ú hAois**

NODA:
* Córas iompair agus cumarsáide i 1900
* Athruithe sa chóras iompair
* Athruithe sa chumarsáid
* Torthaí na n-athruithe seo (25)

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

# SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2001


## STAIR - GNÁTHLEIBHÉAL

(**NÁ** cuir na leathanaigh seo isteach le do fhreagarleabhar.)

## FOINSÍ

**1. PICTIÚIR**

**PICTIÚR A.**



*Foinse: "Discovering the Bronze Age" Clár Discovery*

**PICTIÚR B.**



*Foinse: Músaem na hÉireann.*

**PICTIÚR C.**



*Foinse: An Dánlann Náisiúnta, Londain.*

## 2. DOICIMÉID

### DOCIMÉAD 1.

**Seo agallamh le Maggie Murphy. Déanann sí cur síos ann ar dhálaí maireachtála i mBaile Átha Cliath ag tús an 20ú hAois.**

Rugadh mé in Ardán na Banríona i 1913. Tionóntáin[1] dhá stór a bhí thart timpeall orm. Bhí na tionóntáin contúirteach. Féach, bhíodar breis is céad caoga bliain nó céad seasca bliain nó b'fhéidir dhá chéad bliain d'aois. Thuas ansin i Sráid na bhFiníní thit an tionóntán as a chéile agus fuarthas beirt chairde marbh. Ní rabhadar ach seacht mbliana d'aois.

Bhí gach tionóntán go dona. Bhí ocht dteaghlach ag maireachtáil i mo thionóntán féin. Bhí ceathrar deirfiúracha agus triúr deartháireacha agam. D'fhásamar aníos i seomra beag amháin agus chodail seisear againn i leaba amháin. Ní raibh éadaí leapa ar bith againn. De ghnáth chodlaíomar le casóg m'athar anuas orainn. Bhí leithreas amháin sa chlós ar chúl don ocht dteaghlach...

Dugaire ba ea m'athair agus dugairí ba ea mo dheartháireacha go léir. Ba é an cruatan ba mhó ná nach bhfaigheadh mo mháthair aon airgead toisc go gcaitheadh m'athair é ar alcól agus ar chearrbhachas. Ní raibh airgead ar bith ann. Ach chaithfí bia a chur ar fáil dó – pé áit a bhfaigheadh sí é.

Thosaigh mé ag obair nuair a bhíos ceithre bliana déag díreach tar éis dom an scoil a fhágáil. Rinne mé obair tí. Bhí mé ag tabhairt aire do pháistí agus fuair mé leathchoróin[2]. Níor thóg mé riamh an t-airgead – ba do mo mháthair é.

1. Tionóntán = seanteach ina mbíodh teaghlach amháin i ngach seomra, de ghnáth.
2. Leathchoróin = bonn airgid ar fiú 12½p é.

*Foinse: Kevin C. Kearns "Dublin Tenement Life:- An Oral History" (lgh. 61-62) Gill and Macmillan.*

### DOCIMÉAD 2.

**Seo tuairisc nuachtáin ar bhás Mhichíl Uí Choileáin, ón *Irish Independent*, 24 Lúnasa 1922**.

Taispeánann scéal an luíocháin mharfaigh a tharla ag Béal na mBláth, atá idir Droichead na Bandan agus Maigh Chromtha, oíche Dé Máirt, gur throid an tArd-Cheannasaí go cróga go dtí an deireadh. Nuair a bhí an anáil dheireanach á tarraingt aige chuir sé cogar i gcluasa a chomrádaithe, á rá leo: " Maith dóibh". Ba iad seo na focail dheireanacha a tháinig uaidh.

Bhí an Ginearál Ó Coileáin ag filleadh ó Dheisceart Chorcaí áit a raibh scrúdú á dhéanamh aige ar ionaid na dtrúpaí Náisiúnta. Bhí ar an ngrúpa, a raibh garda cosanta agus carr armúrtha in éineacht leis, taisteal ar na cúlbhóithre toisc go raibh bacainní ar na príomh-bhóithre.

Gan choinne scaoil lucht an luíocháin, ar measadh dhá chéad díobh a bheith ann, rois philéar. Láithreach bonn chuaigh an Ginearál Ó Coileáin i gceannas; stiúraigh sé an troid a mhair trí cheathrú uair an chloig. Díreach nuair a bhí an lámh uachtair á fáil ag an ngarda cosanta agus lucht an luíocháin ag imeacht, scaoileadh an piléar marfach.

"Tá an duine is fearr agus is cróga dár muintir féin marbh ach ní féidir leis bás a fháil," a dúirt ráiteas óna chomh-Airí rialtais. Chuireadar siad in iúl go raibh rún daingean acu leanúint leis an troid a raibh tús curtha ag an gCoileánach léi, chun riail an phobail a chur i bhfeidhm.

Tugadh an corp go Corcaigh oíche Dé Máirt agus inné tugadh ar an bhfarraige go Baile Átha Cliath é áit a shroich sé go luath ar maidin. Ó Ospidéal San Uinseann tabharfar an corp go Halla na Cathrach mar a mbeidh sé os cionn cláir go dtí oíche Dé Domhnaigh. Tabharfar an corp ansin go dtí an Leas-Ardeaglais. Cuirfear é i nGlas Naíon ar an Luan.

*Foinse: "The Past From the Press" Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.*